An Ginideach

	Fir nó Bain	Athrú	An t-alt	Samplaí
1	Fir	CAOLÚ (LC) ea - i ach - aigh each - igh éa - éi	An + séimhiú t roimh s	Fear - hata an fhir Bacach - mac an bhacaigh
2	Bain	CAOLÚ+E (CE) ann - ainne eog -eoige óg - óige ach - aí each - í	Na - never naspirates nam. h roimh ghuta	Bialann - slí na bialainne Fuinneog - bun na fuinneoige Gealach - solas na gealaí Girseach - cóta na girsí Oráid - ag tabhairt na horáide
3	Fir & Bain	Leathnú+a (Co) eoir - eora óir - óra úir - úra ocht - ochta acht - achta	Fir - an+séimhiú (t roimh s) Bain - na never naspirates nam. h roimh ghuta	Feirmeoir - obair an fheirmeora Siopadóir - airgead an tsiopadóra Dochtúir - obair an dochtúra Filíocht - saibhreas na filíochta Poblacht - ar son na poblachta
4	Fir & Bain	(no) GAN ATHRÚ!!!!!!	Fir - an+séimhiú t roimh s Bain - na never naspirates nam. h roimh ghuta	Cailín - ainm an chailín Siopa - doras an tsiopa Aire - ainm an aire Farraige - i lár na farraige Oíche - i rith na hóiche
5	Bain	oir - rach (d) air - rach ir - reach a - an	Bain - na never naspirates nam. h roimh ghuta.	Beoir - ag ól na beorach Cabhair - ag tabhairt na cabhrach Litir - ag scríobh na litreach Comharsa - ainm na comharsan

An Chéad Díochlaonadh I

1. Muintir (an t-oileán)
2. Ainm (an fear)
3. Teach (an sagart)
4. Brí (an focal)
5. Seol (an bád)
6. Doras (an t-áras)
7. I rith (an samhradh / an geimhreadh / an t-earrach / an fómhar)
8. Saol (an mac léinn)
9. Céim (Leigheas)
10. Ainm (an t-othar / an t-ollamh / an t-údar)
11. Am (an t-agallamh)
12. Ar aghaidh (an t-ospidéal)
13. Ag tógáil (an cógas)
14. Teas fola (an corp)
15. Oifig (an Taoiseach)
16. Luach (an ticéad)
17. Ag saothrú (an t-airgead)
18. Ar aghaidh (an stáisiún)
19. Tábhacht (an tionscal)
20. Uimhir (an suíochán)

An Dara Díochlaonadh I

1. Ar aghaidh (an bhialann)
2. Obair (leabharlann)
3. Am (an tsochraid)
4. Lár (an tseachtain)
5. Cré (an Chill)
6. I rith (an mhaidin)
7. Tinneas (fiacail)
8. Ag imirt (leadóg)
9. Teach (a iníon)
10. Ag ceiliúradh (an ócáid)
11. Tar éis (an obráid)
12. Ag tabhairt (óráid)
13. Ag déanamh (obair)
14. Ag taisteal (an tír)
15. Barr (an fhuinneog)
16. Abhainn (an Choirib)
17. Cos (an bhabóg)
18. Athair (an bhrídeog)
19. Doras (an amharclann)
20. Solas (an ghealach)

An Tríú Díochlaonadh I

1. Obair (an feirmeoir)
2. Oideas (dochtúir)
3. Ainm (an t-iarrthóir)
4. Airgead (an siopadóir)
5. Os comhair (an altóir)
6. Domhnach (Cáisc)
7. Údarás (an Ghaeltacht)
8. Ag ól (fíon)
9. Fadhb (an dífhostaíocht)
10. Fás (eacnamaíocht)
11. Eastát (tionsclaíocht)
12. Forbairt (teicneolaíocht)
13. Ag lorg (an chumhacht)
14. Ar feadh (an t-am)
15. Ag foghlaim (an fhilíocht)
16. Ainm (an t-aisteoir)
17. Ar son (an phoblacht)
18. Litriú (an aidiacht)
19. Bord (an Mhóin)
20. Ag cur (fuil)

An Ceathrú Díochlaonadh I

1. Ainm (an cailín)
2. Barr (an geata)
3. Doras (an siopa)
4. Ag oscailt (an mála)
5. Cois (farraige)
6. I lár (an oíche)
7. Ag lasadh (an tine)
8. Ag lasadh (an toitín)
9. Ag múchadh (an cipín)
10. Dath (an cóta)
11. Úinéir (an gairdín)
12. Ag ithe (an t-oráiste)
13. Ainm (an garda)
14. Ainm (an t-aire)
15. Le linn (an gorta)
16. Timpeall (an contae)
17. In aghaidh (an dlí)
18. In ainm (an Tiarna)
19. I measc (an slua)
20. Ainm (an páiste)

An Cúigiú Díochlaonadh I

1. Ag ól (an bheoir)
2. Ag tabhairt (cabhair)
3. Lár (an chathair)
4. Ag íoc (cáin)
5. Ag scríobh (an litir)
6. Poll (an eochair)
7. Stáisiún (traein)
8. Ag briseadh (an riail)
9. Le linn (an triail)
10. Bruach (an abhainn)
11. Ainm (an chomharsa)
12. Doras (an mhonarcha)
13. Ál (an lacha)
14. Mí (an Nollaig)
15. Muintir (Éire)

Na Díochlaontaí I

1. Muintir (an t-oileán)
2. Obair (an feirmeoir)
3. Ainm (an cailín)
4. Ag ól (an bheoir)
5. I rith (an samhradh / an geimhreadh / an t-earrach / an fómhar)
6. Barr (an geata)
7. Ag tabhairt (cabhair)
8. Teach (an sagart)
9. Doras (an siopa)
10. Lár (an chathair)
11. Ar aghaidh (an bhialann)
12. Airgead (an siopadóir)
13. Ag oscailt (an mála)
14. Ag íoc (cáin)
15. Seol (an bád)
16. Os comhair (an altóir)
17. Ag scríobh (an litir)
18. Doras (an t-áras)
19. I lár (an oíche)
20. Am (an tsochraid)
21. Údarás (an Ghaeltacht)
22. Ag lasadh (an tine)
23. Lár (an tseachtain)
24. Ag lasadh (an toitín)
25. Saol (an mac léinn)
26. Fadhb (an difhostaíocht)
27. Ag múchadh (an cipín)
28. Le linn (an triail)
29. Ainm (an t-othar / an t-ollamh / an t-údar)
30. Dath (an cóta)
31. Bruach (an abhainn)
32. Oifig (an Taoiseach)
33. Ainm (an chomharsa)
34. Luach (an ticéad)
35. Ag ithe (an t-oráiste)
36. Doras (an mhonarcha)
37. Cré (an Chill)
38. Ag lorg (an chumhacht)
39. Ál (an lacha)
40. Teach (a iníon)

Lagiolraí agus Tréaniolraí

Tá dhá ghrúpa de lagiolraí ann:

Iolraí a chríochnaíonn ar chonsan caol:

Uatha	*Iolra*
Capall	capaill
Taoiseach	taoisigh
Fear	fir

Iolraí a chríochnaíonn ar ***a***:

Bróg	bróga
Girseach	girseacha
Leabharlann	leabharlanna
Cleas	cleasa

Ceacht beag:

Úsáid an foclóir agus scríobh síos 10 bhfocal ón dá ghrúpa sin nach iad thuas:

Consan caol san iolra		**A críochnaíonn ar *a* san iolra**	
Uatha	Iolra	Uatha	Iolra

Siúlóid i ndiaidh siúlóide

An maith leat a bheith amuigh ag spaisteoireacht?

An mbíonn tú ag déanamh a lán spaisteoireachta na laethanta seo?

Bím féin ag siúil gach lá. Déanaim mo dhícheall deich míle céim a shiúil gach lá, ar a laghad!

Shiúil mé mé cúig mhíle dhéag céim gach lá an tseachtain seo caite, is ionann sin agus níos mó ná céad míle céim siúlta taobh istigh de sheachtain amháin.

Thug mé cuairt ar thrí pháirc agus gleann amháin.

Ar dtús, chuaigh mé go Cromghlinn ag tús na seachtaine agus shiúil mé thart ar Ghleann Chromghlinne. Chonaic mé eas galánta. Déarfainn go bhfuil an t-earrach linn.

Chuaigh mé go Páirc Lorgain i rith na seachtaine. Creid nó ná creid é, ní raibh mé ansin riamh. Níl an pháirc ach cúpla míle ó mo theach. Páirc dheas atá ann.

D'fhág mé an carr ag taobh amháin de Lorgain agus shiúil mé tríd an bhaile agus shiúil mé ar ais tríd an pháirc. Agus mé i lár an bhaile, thug mé spléachadh isteach ar chúpla siopa ach bhí siad uilig druidte, ach amháin siopa amháin. Bialann bheag a bhí ann. Bhuail mé isteach agus d'éirigh liom cupán caife a fháil. Cupán caife iontach blasta a bhí ann. Bhí an t-ádh dearg orm!

Cad é faoin dá pháirc eile?

Bhuail mé isteach ar obair le píosa beag oibre a dhéanamh agus nuair a bhí mé críochnaithe, shiúil mé thart ar na hOibreacha Uisce. Chonaic mé cúpla eala agus cúpla lacha sa linn. Bhí an pháirc plódaithe.

Chuaigh mé féin is mo theaghlach chuig Páirc Mhaigh Rath fosta. Páirc deas atá ann ach is doiligh áit pháirceála a fháil.

Beidh mé ag déanamh sléibhteoireachta ar an tseachtain seo chugainn, beidh mé ag tabhairt cuairt ar na Beanna Boirche le mo dheatháir agus tá mé ag tnúth go mór leis.

An raibh tú ag sléibhteoireacht riamh? Chuaigh mé go Dún Mhic Airt dhá uair ar Bheann Mhadagáin, ach sin é. Turas treoraithe a bhí ann le Cormac Hamill. Turas iontach a bhí ann fosta. Tá sé thar mholadh beirte, molaim chun na spéire é.

Siúlóid – Chuaigh mé ar shiúlóid ar maidin,

Siúil

Shiúil mé

Siúlaim

Is maith liom a bheith ag siúl

Siúlta

Siúl

Cad é atá ar siúl agat?

Tá ceolchoirm ar siúl ag an deireadh seachtaine.

Ar shiúl

Tá an múnteoir ar shiúl.

Súil / Súile - - tá súil agam